

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 41

An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail

Réamhrá

Mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (an tÚdarás), is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar speansais an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €1.704 milliún a ghéilleadh don Státhiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Bunú an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás an 2 Aibreán 2025 mar ghníomhaireacht reachtúil neamhspleách ar a bhfuil freagracht as formhaoirsiú a dhéanamh ar an nGarda Síochána. Tá an eagraíocht ina chomharba ar an Údarás Póilíneachta agus ar Chigireacht an Gharda Síochána é.

An 2 Aibreán 2025, shínigh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an t-ordú bunaithe don Údarás, lena ndearnadh feidhmeanna an dá eagraíocht oidhreacht, eadhon, an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána, a chumasc faoi struchtúr reatha Vóta 41. An 1 Aibreán, rith an Dáil rún chun meastachán athbhreithnithe na bliana 2025 don Údarás Póilíneachta a tharraingt siar agus chun leithdháileadh cistí a cheadú trí 'meastachán athbhreithnithe breise' do Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail. Is é atá i meastachán athbhreithnithe breise an Údaráis ná comhdhlúthú mheastacháin na bliana 2025 de chuid an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

Léirítear i gcuntas leithreasa na bliana 2025 an meastachán bliana iomláine do Vóta 41 mar a vótáil an Dáil é an 1 Aibreán 2025. Comhdhlúthaítear sa chuntas buiséad agus caiteachas an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025. Ní bhaineann figiúirí na bliana roimhe (2024) a áirítear sa chuntas ach leis an Údarás Póilíneachta amháin. B'ionann toradh Chigireacht an Gharda Síochána don bhliain 2024 agus €1.2 milliún, a muirearaíodh ar Vóta 24, fo-mhírcheann A.5.

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus d'ochtar comhaltaí, a fhaigheann tacaíocht ó fhoireann Feidhmiúcháin atá faoi stiúir Príomhfheidhmeannaigh.

Tá sé mar chroíchuspóir ag an Údarás formhaoirsiú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i dtaca le seirbhísí póilíneachta a sholáthar do phobail ar fud na hÉireann agus ar a chuid oibre le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun sábháilteacht na bpobal sin a chinntiú.

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas freisin:

- gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh
- comhlíonadh agus na hoibleagáidí reachtúla uile is infheidhme
- an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí
- nithe a bhaineann le hiniúcháireacht, le rialachas agus le bainistíocht riosca
- a chinntiú go mbíonn córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme
- plean straitéiseach a ghlacadh, agus
- an tuarascáil bhliantúil ón Údarás a cheadú.

Cloígh an tÚdarás le prionsabail ghinearálta an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus, de réir fhoráil 2.6 den chód, cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce gach bliain. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil ón Údarás don bhliain 2025 faoi bhráid an Aire faoin 31 Márta 2026.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gcioclán 25 de 2025, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tugadh in éifeacht le haghaidh na dtréimhsí cuntasaíochta dar tosach ón 1 Eanáir 2025 i leith.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas ar réadmhaoin, fearas agus trealamh a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach. Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní caipitil.

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré úsáideach</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Trealamh	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Údarás.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce seirbhísí airgeadais don Údarás faoi chomhaontú seirbhíse, agus soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte na seirbhísí sin faoi mheabhrán tuisceana. Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Údarás faoi mheabhrán tuisceana. Soláthraíonn Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais seirbhísí corparáideacha caighdeánacha TFC (Foireann Build to Share (BTS)) don Údarás faoi sholáthar Creata Rannpháirtíochta BTS. Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Tá freagracht ar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus ar Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte as oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais agus le seirbhísí párolla agus acmhainní daonna faoi seach. Bíom ag brath ar litreacha dearbhaithe ón mbeirt Oifigeach Cuntasaíochta go bhfeidhmítear córais chuí rialachais agus rialaithe inmheánaigh ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad don Údarás.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Údarás.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúcháireacht inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Údarás le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa a cheadaíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca í i gcomhairle leis an Oifigeach Cuntasaíochta. Mar gheall ar mhéid an Údaráis, tá an fheidhm sin seachfhoinsithe chuig gnólacht seirbhísí gairmiúla, a bhfuil a chuid seirbhísí faoi réir gnáthphróiseas atairisceana de réir nósanna imeachta soláthair. Treoraíonn anailís ar na rioscaí, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, a bhfuil an tÚdarás neamhchosanta orthu a cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. I gcomhar le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis, a thugann comhairle neamhspleách oibiachtúil dom, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun na moltaí ó thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí agus go gcuirtear chun feidhme iad. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2025.

Soláthar

Cinntíonn an tÚdarás go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa soláthar agus i ndámhachtain na gconarthaí uile agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €565,000 san iomlán sa bhliain 2025.

Ní dhearna an tÚdarás aon chonarthaí neamhiomaíocha os cionn €25,000 sa bhliain 2025 agus, mar a cheanglaítear le ciorclán 40/2002, cuireadh toradh nialasach faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainiúitear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí agus deiseanna i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna atá roimh an Údarás agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Is doiciméad beo é an clár agus déanann an tÚdarás é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá agus déanann an Fhoireann Ardbhainistíochta é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn míosúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí agus deiseanna ar leibhéal inghlactha. Tuairiscítear torthaí na ngníomhaíochtaí bainistíochta riosca don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí agus deiseanna na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Ardbhainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhríoscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2025 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Helen Hall

Oifigeach Cuntasaíochta

An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail

11 Márta 2026

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar 41 An tÚdarás Póilíneachta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

24 Meitheamh 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainiúim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithníim le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta agus
Sábháilteachta Pobail

Cuntas Leithreasa 2025			
		2025	2024
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
Caiteachas an chláir			
A	Formhaoirsiú neamhspleách agus cigireacht neamhspleách a sholáthar ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána	6,284	4,572
Ollchaiteachas		6,284	4,572
Lúide			
B	Leithreasaí-i-gcabhair	126	118
Glanchaiteachas		6,158	4,454

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Barrachas le géilleadh	1,704,313	808,338

Helen Hall
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail

11 Márta 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

	2025	2024
	€000	€000
Riarachán – pá	3,759	2,562
Riarachán – neamhphá	813	1,074
Ollchaiteachas	4,572	3,636
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	118	76
Glanchaiteachas	4,454	3,560
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoín, fearas agus trealamh</i>		
Dímheas (nóta 2.1)	—	—
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil		
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	39	
Méadú ar speansais fhabhráithe	64	
	103	(2)
Caiteachas vótáilte díreach	4,557	3,558
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	432	452
Glanhostas an chláir	4,989	4,010

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 41 a iompraíodh in áit eile.

	2025	2024
	€000	€000
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	295	329
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	37	4
Vóta 24 An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce	30	60
Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	70	59
	432	452

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	2.1	—	—
		<u>—</u>	<u>—</u>
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		—	8
Réamhíocaíochtaí	2.2	63	102
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	684	59
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	11	47
		<u>758</u>	<u>216</u>
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Banc agus airgead tirim		259	—
Speansais fhabhraithe	2.4	174	111
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	436	114
		<u>869</u>	<u>225</u>
Glandlíteanais reatha		(111)	(9)
Glandlíteanais		<u>(111)</u>	<u>(9)</u>
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.7	<u>(111)</u>	<u>(9)</u>

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Costas nó luacháil			
Ag an 1 Eanáir 2025	—	19	19
Breiseanna	—	—	—
Diúscairtí	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2025	—	19	19
Dímheas carntha			
Ag an 1 Eanáir 2025	—	19	19
Dímheas don bhliain	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2025	—	19	19
Glansócmhainní			
Ag an 31 Nollaig 2025	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2024	—	—	—

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Riarachán	12	44
Tacaíocht bogearraí	51	58
	63	102

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Réamhíocaíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí le haghaidh oibreacha tógála	592	—
Cuntas dáileacháin párolla	84	57
Speansais in-fhorchúitithe i leith na scéime um rothaíocht chun na hoibre	1	2
Iarmhéideanna dochair eile	7	—
	684	59

2.4 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Fabhrú párolla	90	55
Fabhrú saoire	62	36
Riarachán	22	20
	174	111

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Suímeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim agus MSU	86	64
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	42	27
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	—	7
Cáin bhreisluacha	8	9
	136	107
Míreanna sochair eile ar fionraí	289	—
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	9	7
Aisghabháil ró-íocaíochtaí párolla	2	—
	436	114

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	1,704	808
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,715)	(855)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	(11)	(47)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	—	8
Iarmhéideanna dochair: fionraí	684	59
	684	67
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(259)	—
Dlite don Stát	(136)	(107)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(300)	(7)
	(695)	(114)
	(11)	(47)

2.7 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		(9)	(11)
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin		6,158	
Barrachas le géilleadh		(1,704)	
Glanvóta		4,454	3,560
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1	432	452
Glanchostas an chláir	1	(4,989)	(4,010)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		(111)	(9)

2.8 Ceangaltais

	2025	2024
	€000	€000
ag an 31 Nollaig		
Taighde	9	10
Soláthar earraí agus seirbhísí	—	11
	9	21

2.9 Tionchar na n-athruithe i bpolasaithe cuntasáíochta

Ón 1 Eanáir 2024 i leith, tá caighdeáin chuntasaíochta rialtais láir (CGASanna) á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d'iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit sa bhliain chuntasaíochta.

	2025	2024
	€000	€000
Fabhrú saoire ^a	—	(55)
Fabhrú párolla ^a	—	(36)
	—	(91)

Nóta ^a CGAS 39A: Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear i leith clár aonair: Formhaoirsiú neamhspleách a sholáthar ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána.

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	4,320	3,759	2,562
ii	Taisteal agus cothú	88	72	43
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	106	53	87
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach ^a	1,154	423	239
v	Infheistíocht caipitil dhigitigh agus costais TF ^a	237	172	546
vi	Costais áitribh	299	81	159
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	80	12	—
		6,284	4,572	3,636

Nóta ^a I meastachán na bliana 2025 do Vóta 41, lipéadaíodh fo-mhírcheann (iv) go mícheart mar ‘Seirbhísí seachtracha TF’ agus malartaíodh na suimeanna soláthair meastacháin le haghaidh fho-mhírchinn (iv) agus (v). Léirítear sna tuairiscí a thaispeántar thuas cineál an chaiteachais a tabhaíodh faoi na fo-mhírchinn, agus tá siad ag teacht leis an aicmiú a úsáideadh i mblianta roimhe. Tá na suimeanna soláthair meastacháin a thaispeántar anseo ceart.

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sna nótaí seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachas riaracháin

iv Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach
Soláthar meastacháin €1.154 milliún; toradh €423,000

Is féidir an gannchaitheamh a chur síos go príomha don mhoill ar thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, agus ar bhunú an Údaráis. Sa dara sé mhí den bhliain 2025, chuir an tÚdarás dlús le cláir oibre, lenar áiríodh dul i mbun feachtais ar fud na tíre chun tosaíochtaí póilíneachta trí bliana a shainaithint agus a leagan síos, plean straitéiseach trí bliana de chuid an Údaráis a dhréachtú, agus an meabhrán tuisceana agus clár oibre Cigireachtaí leis an nGarda Síochána a thabhairt chun críche.

v Infheistíocht caipitil dhigitigh agus costais TF

Soláthar meastacháin €237,000; toradh €172,000

Mar gheall ar an moill ar thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, go dtí an dara sé mhí den bhliain 2025, cuireadh roinnt tionscadail TFC a bhí sceidealaithe ar dtús don bhliain 2025 ar atráth go dtí an bhliain 2026.

vi Costais áitribh

Soláthar meastacháin €299,000; toradh €81,000

Bhí moill shuntasach le linn na bliana 2025 ar an tairiscint le haghaidh athchóiriú agus fheistiú an bhunurláir ag 90 Sráid an Rí Thuaidh, rud a raibh costas iomlán €740,105 ag baint leis (a bhfuil 20% de á chistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí). Síníodh conarthaí ar deireadh i mí na Nollag 2025 agus cuireadh tús le hoibreacha i dtús mhí Feabhra 2026.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	118	110	76
2	Sochair bhreuiteachta na Roinne Coimirce Sóisialaí	8	8	—
		126	118	76

4.2 Ioncam an Vóta

	2025
	€000
Ioncam ó idirbhearta nárbh idirbhearta malairte iad	
Deontas ón bPríomh-Chiste	4,454
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	110
Ioncam eile	
Ioncam ilghnéitheach	8
Ioncam iomlán	4,572
Arna léiriú ag	
Iomlán na leithreasaí-i-gcabhair (nóta 4.1)	118
Deontas ón bPríomh-Chiste	4,454
	4,572

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

Ag an 31 Nollaig	2025	2024
Líon foirne ag deireadh na bliana	<u>53</u>	<u>38</u>

5.2 Pá

	2025	2024
	€000	€000
Pá	3,401	2,323
ÁSPC an Fhostóra	<u>358</u>	<u>239</u>
	<u>3,759</u>	<u>2,562</u>

5.3 Táillí agus speansais chomhaltaí an Údaráis

Ar thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, an 2 Aibreán 2025, lánscoireadh an tÚdarás Póilíneachta agus bunaíodh an tÚdarás.

Sa bhliain 2025, bhí seisear comhaltaí san iomlán den Údarás Póilíneachta ann, an Cathaoirleach san áireamh, suas go dtí an 1 Aibreán, dáta an lánscoir. Bhí naonúr comhaltaí san iomlán den Údarás ann, an Cathaoirleach san áireamh, ón 2 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2025.

Bhí 13 chruinniú iomlánacha san iomlán ag an dá Údarás (ar cuireadh cúig cinn díobh ar siúl go poiblí) (2024: 13 chruinniú (ar cuireadh ceithre cinn díobh ar siúl go poiblí)) agus cuireadh ceithre chruinniú san iomlán de chuid fochoistí ar siúl (2024: naoi gcruinniú).

Íocadh táillí arbh ionann iad agus €136,827 san iomlán le comhaltaí an dá Údarás sa bhliain 2025 (2024: €92,302). B'ionann na speansais a íocadh le comhaltaí nó thar ceann comhaltaí sa bhliain 2025 agus €29,313 (2024: €36,421) (cáin sochair comhchineáil san áireamh).

5.4 Foireann an Údaráis de réir bandaí pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid an Údaráis a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2025	2024
20,000	59,999	29	21
60,000	69,999	3	5
70,000	79,999	3	—
80,000	89,999	4	2
90,000	99,999	5	4
100,000	109,999	3	3
110,000	119,999	1	1
120,000	129,999	1	1
130,000	139,999	3	—
140,000	189,999	—	1
190,000	199,999	1	—

5.5 Luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta

	2025	2024
	€000	€000
Bunphá	190	183

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá teagmháil ar bun leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin chun na socruithe pinsin cuí a shoiléiriú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí pinsin, i bhfianaise sheirbhís roimhe an Oifigigh Cuntasaíochta.

5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh 11 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €11,048. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.